



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2024**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Staidéar Foirgníochta**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## *Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

### ***Tábla 200 @ 5%***

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 200 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthrata an bhónais.

Bain úsáid as an ghnáthrata i gcás 150 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.


| Bunmharc  | Marc Bónais |
|-----------|-------------|
| 151 - 153 | 7           |
| 154 - 160 | 6           |
| 161 - 166 | 5           |
| 167 - 173 | 4           |

| Bunmharc  | Marc Bónais |
|-----------|-------------|
| 174 - 180 | 3           |
| 181 - 186 | 2           |
| 187 - 193 | 1           |
| 194 - 200 | 0           |



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2024*



# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

**Nóta:** Is ar mhaithe le léargas a thabhairt a chuirtear léaráidí agus nótaí ar fáil agus níl cheart glacadh leo mar liosta iomlán nach féidir tuilleadh a chur leis.

Tá nótaí agus léaráidí ábhartha eile inghlactha mar fhreagraí agus tabharfar marcanna dóibh dá réir.

**Ceist 1.**

(a) Trasghearradh ceartingearach trí sceimheal dín a tógadh le rachtaí trusáilte réamhdhéanta.

**Sonraíocht – gnáthshonra**

- |                                          |                                 |
|------------------------------------------|---------------------------------|
| • Rindreáil sheachtrach 19 mm            | • Scannán/téip aerdhíonach      |
| • Bloc coinceíte duille amuigh 100 mm    | • Plástarchlár le cóta scimeála |
| • Cuas inslithe líonta go hiomlán 200 mm | • Aeráil                        |
| • Ballacheangal                          | • Tarr                          |
| • Bloc coinceíte duille istigh 100 mm    | • Éadan                         |
| • Plástar inmheánach 15 mm               | • Claonfhleasc                  |
| • Dúntóir cuais                          | • Scannán sceite                |
| • Maide balla 100 mm x 75 mm             | • Sliseoga 50 mm x 30 mm        |
| • Trus dín réamhdhéanta 200 x 50 mm      | • Sclátaí                       |

*N.B. Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.*


**(b) Dear na mionsonraí chun an maide balla a dhaingniú den bhalla seachtrach.**

Strapa an mhaide balla.

## Ceist 2


### (a) Dhá bhuntáiste a bhaineann le Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) tí a fheabhsú.

- Laghdú ar bhillí fuinnimh
- Laghdaíonn sé caillteanas teasa
- Leibhéal chompord mhéadaithe
- Méadóidh luach an tí
- Níos fearr don timpeallacht



### (b) Modh oiriúnach amháin le córas inslithe a chur ar dhromchla inmheánach na mballaí.

- A chinntiú go bhfuil an balla glan agus saor ó pháipéar balla nó ó phéint lonrach sula dtosaíonn tú
- Gearr leatháin phlástarchláir inslithe go dtí an méid a theastaíonn
- Feistigh an plástarchlár inslithe ar an mballa le daingneáin mheicniúla. Is féidir dabaí greamaitheacha a úsáid freisin chun é a dhaingniú
- Ábhair inslithe – cúr feanólach, snáithín adhmaid, olann caorach, insliú EPS
- Scimeáil phlástarchláir brataithe le plástar nó téipeáilte agus líonta chun bailchríoch a chur air




#### Modh malartach

- Feistigh na sliseoga adhmaid go daingean ar na ballaí
- Líon isteach an spás idir na sliseoga le insliú
- Feistigh an leathán plástarchláir ar na sliseoga agus scimeáil tharstu


#### Cineál inslithe

- Polaistiréin leathnaithe EPS
- Fionólach
- Polyisocyanurate (PIR)
- Polaistiréin Easbhrúite (XPS)



#### Tiús an inslithe


- Tiús inslithe de 50 mm ar a laghad



### (c) Dhá chúis leis na ballaí seachtracha agus na fuinneoga a uasghrádú ag an am céanna.


- Chun bailchríoch níos iomláine a chinntiú agus aerdhíonacht níos fearr bainte amach
- Níos costéifeachtaí chun uasghráduithe iomadúla fuinnimh a dhéanamh ag an am céanna
- Chun leibhéal chompord sa teach a mhéadú
- Chun úsáid fuinnimh an tí cónaithe a laghdú tuilleadh agus, uaidh sin, laghdófar líon na n-astaíochtaí carbóin a chuireann sé amach
- Cur isteach ar an úinéir tí a laghdú tríd an dá rud a dhéanamh ag an am céanna
- Tá deontais bhreise ar fáil le haghaidh uasghráduithe iomadúla fuinnimh

*Glacfar le cúis oiriúnach ar bith eile*




### Ceist 3

- (a) Píobobair atá riachtanach chun uisce te agus uisce fuar a sholáthar do chithfholcadán measctha agus do bháisín níocháin, agus chun uisce fuar a sholáthar do shistéal leithris.



#### Mionsonraí tipiciúla:

- Príomhphíobán ardaitheach 15 mm
- Umar stórála inslithe
- 250 l sorcóir
- Fotha fuar Ø22 mm chuig sorcóir
- píobán borrrha Ø28 mm
- Sistéal leithris
- Ø15 mm d'fhotha fuar chuig an sistéal leithris
- Báisín níocháin
- Ø15 mm d'fhotha te agus fuar chuig an mbáisín níocháin
- Cithfholcadán measctha
- Ø15 mm d'fhotha te agus fuar chuig an gcithfholcadán measctha
- Comhlaí.




*N.B. Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.*

- (b) Dhá ghné nach mór a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil limistéar an chithfholcadáin oiriúnach do dhuine ag a bhfuil luaineacht theoranta.

- Tá rochtain shábháilte agus chompordach riachtanach
- Limistéar cithfholcadáin mór le haghaidh soghluaisteachta
- Cuirtín nó sciath cithfholcadáin in ionad doirse cithfholcadáin
- Limistéar cithfholcadáin neamhsciorrach gan chéim
- Féadfar suíochán infhillte feistithe breise ar an mballa a chur san áireamh
- Rochtain éasca ar rialtán an chithfholcadáin. B'fhearr sconnáí luamháin
- Ráillí sábháilteachta comhaimseartha

*Glacfar le cúis oiriúnach ar bith eile*



## Ceist 4


(a) **Dhá bhuntáiste a bhaineann le bailchríoch de chloch nádúrtha a roghnú don bhalla isteach.**

- Tá an bhailchríoch mhealltach
- Cuidíonn sé leis an mballa a bheith ag teacht leis an tírdhreach nádúrtha
- Ábhar buanfasach marthanach
- Ní gá mórán aire a thabhairt do chloch nádúrtha
- Is féidir é a fháil go háitiúil, rud a thugann fuinneamh ísealchorpraithe di
- Is scil thábhachtach ceardaíochta oidhreachta í saoirseacht nach mór dúinn a choinneáil  
*Glacfar le haon chúis bhailí eile.*



(b) **Dearadh tipiciúil le haghaidh fotha stéille**

- Is é fotha stéille an fotha is coitianta agus is oiriúnaí do bhalla teorann
- Is gnách go mbíonn fotha stéille 3 huairé níos leithne ná leithead an bhalla
- Déantar meáchan an bhalla a dháileadh ar an bhfotha ag 45°
- Cuirtear treisiú cruach ag bun an fhotha chun neart teanntachta a chur leis. Clúdach coincreíte 50 mm ar a laghad
- Tá an balla tógtha ar lár an fhotha
- Tá fotha 1350 mm x 450 mm oiriúnach do bhalla 450 mm




(c) **Sonraigh bailchríoch dhromchla a bheadh oiriúnach don cabhsa agus tabhair dhá chúis le do rogha.**

| Bailchríoch chabhsa        | Fáth                                                                                                                                                               |
|----------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tarmac                     | Cuma dheas<br>Marthanach<br>Ní gá mórán aire a thabhairt dóibh<br>Maireann sí i bhfad                                                                              |
| Coincreít                  | Saolré fada acu<br>Ní gá mórán aire a thabhairt dóibh<br>Iad déanta as mianraí ithreach agus is féidir iad a athúsáid nó a athchúrsáil mar sin<br>Éasca le stóráil |
| Gairbhéal/cloch ornáideach | Cuma dheas<br>Is é an rogha níos saoire<br>Tá sé ag teacht le tírdhreach na tuaithe<br>Rogha níos mó de bhailchríocha daite                                        |
| Bloc pábhála               | Cuma nua-aimseartha<br>Éasca a dheisiú má dhéantar damáiste de<br>Tá sé ag teacht le tírdhreach na tuaithe<br>Rogha níos mó de bhailchríocha daite                 |
| Roisín                     | Cuma nua-aimseartha<br>Ní gá mórán aire a thabhairt dóibh<br>Maireann sí i bhfad                                                                                   |

*Glacfar le mionsonra oiriúnach ar bith eile*

## Ceist 5

(a) Trasghearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an bhfuinneog.




### Sonraíocht – gnáthshonra

- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincríte duille amuigh 100 mm
- Cuas inslithe líonta go hiomlán 200 mm
- Ballacheangal
- Bloc coincríte duille istigh 100 mm
- Plástar inmheánach 15 mm
- Dúntóir cuais
- DPC
- Leac fuinneoige choincríte réamhtheilgte
- Claisín / sileán
- Clár fuinneoige
- Téip aerdhíonachta
- Fráma fuinneoige 120 mm x 80 mm
- Gloiniú triarach

*Nóta: Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha*

(b) Cosc a chur ar threá taise ag leac na fuinneoige.

DPC agus sileán.



*Glacfar le mionsonra oiriúnach ar bith eile*

## Ceist 6

### (a) Dhá réamhchúram sábháilteachta nach mór don tiománaí cloí leo nuair a bhíonn sé/sí ag oibriú dumpaire ar an láithreán.

- Cinntigh go gcaitheann oibreoirí trealamh cosanta pearsanta (TCP) oiriúnach amhail clogad oibre, buataisí a bhfuil barr cruach orthu agus éadaí sofheicthe
  - Déan iniúchadh ar an bhfeithicil sula n-úsáidfear í lena chinntiú go bhfuil sí in ord ceart oibre
  - Caith do chrios sábhála i gcónaí
  - Seiceáil an bhfuil constaicí, poill nó línte cumhachta lastuas sa limistéar oibre
  - Cuir tródam ar an limistéar ina bhfuil an fheithicil atá ag gluaiseacht á hoibriú
  - Cinntigh gur oileadh an t-oibreoir go cuí maidir le húsáid dumpaire ar an láithreán
  - Ná léim ar an dumpaire nó as an dumpaire choíche - riail na dtrí phointe teagmhála
  - Bí ar an airdeall i gcónaí ar do thimpeallacht agus ar dhaoine eile timpeall ort
- Glacfar le haon réamhchúram oiriúnach sonrach eile.*



### (b) Trí phíosa de threalamh cosanta pearsanta (TCP) nach mór d'oibrithe a chaitheamh agus iad ag oibriú feithicilí tógála. Tabhair cúis amháin le gach ceann:

#### Clogad oibre

Cosnaíonn sé cloigeann na n-oibrithe tógála ar imbhualtí nó má thiteann ábhar ó airde.




#### Veist shofheicthe

Feictear oibrithe tógála go soiléir agus iad ag obair ar an láthair. Feicfidh oibreoirí feithicilí tógála oibrithe eile agus seachnóidh siad timpistí.

#### Cosantóirí cluas

Cosnaíonn siad éisteacht oibrithe tógála ar thimpeallacht thorannach agus iad ag oibriú innealra.





#### Spéaclaí sábháilteachta

Cosnaíonn siad súile na n-oibrithe tógála ar aon smionagar san aer.


#### Bróga sábháilteachta

Cosnaíonn sé oibrithe ar ábhair throma nó ar rudaí troma a thitfeadh agus a ghortódh a gcosa.




### (c) Dhá chúis nach mór d'oibreoirí feithicilí tabhairt faoi chúrsa traenála ar leith roimh dóibh feithicil a oibriú ar láithreán tógála.

- Éilítear leis na rialacháin go mbeidh deimhnithe nó ceadúnais shonracha ag oibreoirí tógála
- Leis an oiliúint chuí, cinntítear go dtuigeann oibreoirí prótacail sábháilteachta, rud a laghdaíonn timpistí Chun an t-eolas is gá chun an trealamh a oibriú go héifeachtach a sholáthar
- Is féidir le hoibreoirí rioscaí a aithint agus bearta iomchuí a ghlacadh chun iad a mhaolú, rud a chuireann cosc ar thimpistí
- Bíonn oibreoirí a bhíonn oilte go maith níos éifeachtaí agus níos táirgiúla
- Múineann cúrsaí oiliúna cothabháil cheart, rud a shíneann saolré feithicilí tógála.



## Ceist 7

- (a) **Pléigh dhá bhuntáiste a bhaineann le seomra leapa a dhéanamh i spás an áiléir.**
- Is bealach costéifeachtach é chun spás maireachtála breise a chur leis an teach
  - Cruthaíonn seomra leapa breise don úinéir tí
  - Méadaíonn luach an tí
  - Cuireann sé ilúsáideacht leis an teach toisc go bhféadfadh úsáidí breise a bheith ag an seomra leapa
  - Seachnaíonn sé an gá le síneadh a chur leis an teach chun seomra leapa breise a chruthú
  - D'fhéadfadh sé fuaimdhíonadh níos fearr a chur ar fáil toisc go bhfuil sé suite lasmuigh den spás maireachtála
  - Tugtar deis le hathchóiriú an díon a insliú ar chaighdeán níos airde
- (b) **Tarraing sceitse mór saorlámhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do gach ceann díobh seo a leanas sa seomra:**
- rochtain don en suite
  - leaba dhúbailte
  - aonad stórála éadaí
  - spás staidéir.



**Tabhair fáth amháin le gach suíomh a roghnaigh tú.  
rochtain don en suite**

- Suite taobh leis an gcithfholcadán chun níos mó spáis a thabhairt don úsáideoir laistigh den en suite
- Suite taobh leis an gcithfholcadán ag soláthar níos mó spáis balla sa seomra leapa le haghaidh stórála srl
- Suite os comhair an doirtíl agus níos mó príobháideachta amach ón leaba á soláthar

**leaba dhúbailte**

- Suite in éadan an bhalla agus spás le haghaidh táblaí cois leapa
- Rochtain ar shoicéid leictreacha agus ar an lasc solais
- Suite ar shiúl ón sceimheal le haghaidh airde do chinn

**aonad stórála éadaí**

- Suite taobh leis an mballa chun spás leordhóthanach a thabhairt don leaba agus chun dul timpeall
- É suite cois balla le gur féidir tacaí a chur faoi na haonaid agus iad a fheistiú ar mhaithe le hiad a neartú agus a chobhsú
- Suite i gcuasán chun úsáid a bhaint as spás tearcúsáidte

**spás staidéir.**

- Suite amach ón leaba chun crios difriúil a chruthú laistigh den seomra leapa
- Suite amach ón gcúinne chun soilsiú leordhóthanach a chinntiú
- Suite i gcuasán chun úsáid a bhaint as spás tearcúsáidte

*Nó beidh áit nó cúis oiriúnach ar bith inghlactha.*

**(c) Mol clúdach urláir a bheadh oiriúnach don seomra leapa agus tabhair dhá chúis le do rogha.**


|                 |                                                                                                                                                                                                                                                      |
|-----------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cairpéad        | Ábhar compordach le siúl air<br>Súnn an cairpéad fuaim, ag laghdú aistriú torainn<br>Ar fáil i réimse dathanna agus patrún                                                                                                                           |
| Lannán adhmaid  | Ábhar buanseasmhach atá in ann úsáid laethúil a sheasamh<br>Réiteach nach bhfuil an oiread sin costais ag baint leis i gcomparáid le cineálacha urlárlaigh eile<br>Ní gá an oiread sin cothabhála a dhéanamh air i gcomparáid le urlárlach tathagach |
| Vinil           | Éasca le cur isteach<br>An-éagsúlacht ann ó thaobh dearáí agus cuma de<br>Ábhar uiscefhriotaíoch                                                                                                                                                     |
| Adhmad soladach | Ábhar buanseasmhach atá in ann úsáid laethúil a sheasamh<br>Rogha tharraingteach go háirithe má roghnaítear adhmad crua<br>Is féidir é a ghreanáil agus bailchríoch a chur air arís más gá                                                           |
| Líonóil         | Ábhar buanfasach<br>Clúdach urláir uiscédhíonach<br>Réimse leathan uigeachtaí agus dathanna ar fáil                                                                                                                                                  |

*Glacfar le haon clúdach urláir agus cúis bailí eile.*

## Ceist 8


### Gaiste lintéir

- Is éard is gaiste lintéir ann ná feiste phluiméireachta a úsáidtear i gcórais séarachais agus uisce báistí chun cosc a chur ar bholaithe bréana dul isteach i bhfoirgneamh
- Píopán U-chruthach a shuiteáil faoi thalamh de ghnáth
- Oibríonn an gaiste trí uisce a ghabháil san U-lúb, rud a chruthaíonn bacainn idir na gáis séarachais agus an foirgneamh
- Cuireann an bacainn uisce sin cosc ar bholaithe bréana agus ar gháis dhíobhálacha amhail meatán dul isteach san fhoirgneamh tríd an gcóras séarachais.
- Caithfear cothabháil rialta a dhéanamh ar ghaistí lintéir lena chinntiú go mbeidh siad éifeachtach i gcónaí chun cosc a chur ar bholaithe agus ar gháis dul isteach i bhfoirgnimh.



### Soilsiú Cliste

- Le córais soilsithe chliste, is féidir le húsáideoirí gnéithe éagsúla dá soilsiú a rialú ó chian agus go huathoibríoch go minic
- Is gnách go n-úsáideann soilsiú cliste nascacht idirlín lena rialú trí fhóin chliste, táibléid nó orduithe gutha
- Cuimsíonn córais soilsithe chliste gnéithe sceidealaithe agus uathoibríthe go minic. Is féidir le húsáideoirí amadóirí nó sceidil a shocrú dá soilse chun iad a chasadh air nó as, nó na leibhéil ghile a choigeartú go huathoibríoch
- Trí ligean d'úsáideoirí a soilsiú a rialú agus a uathoibriú go héasca, is féidir le córais soilsithe chliste cur le coigilteas fuinnimh
- Is féidir le húsáideoirí dath, gile agus comhthimpeallacht a soilse cliste a shaincheapadh de réir a roghanna go minic.




### Fógra Pleanála láithreáin

- Is fógra poiblí é fógra pleanála láithreáin nach mór d'iarratasóir a chur suas ag an láithreán forbartha, agus iarratas á dhéanamh ar chead pleanála
- Ní mór go mbeidh sé feiceáil go soiléir agus go mbeidh sé inléite ag an bpobal ón mbóthar
- Caithfidh sonraí áirithe a bheith san fhógra lena n-áirítear ainm an iarratasóra, seoladh an láithreáin, sonraí faoin gcineál iarratais agus cineál na forbartha
- Éilítear an fógra sin faoi rialacháin phleanála agus úsáidtear é chun an pobal a chur ar an eolas faoi na pleananna forbartha agus tugann sé deis do pháirtithe leasmhara tuairimí nó agóidí a chur isteach
- Caithfidh an fógra láithreáin a chur suas don chéad chúig seachtaine i ndiaidh an t-iarratas pleanála a thaisceadh
- Mura gcloítear le rialacháin an fhógra láithreáin d'fhéadfadh an t-iarratas a bheith neamhbhailí.




## Leathalt

- Is é is leathalt ann alt adhmaadóireachta láidir a úsáidtear go coitianta agus achar mór gliúála air
- D'fhéadfadh an t-alt a bheith ina leathalt crosach, ina leathalt coirnéil, ina leathalt T nó ina leathalt déadach
- Is éard atá i gceist le leathalt ná leath an ábhair a bhaintear as gach píosa ag limistéar na n-alt
- Úsáidtear leathalt le haghaidh foirgnimh fhrámaíthe agus déanamh troscán de ghnáth
- Is féidir an leathalt coirnéil a úsáid i bhfoirgneamh frámaíthe
- Is bealach láidir tarraingteach é an leathalt déadach chun leathalt a úsáid.




## Druilire gan sreang

- Uirlis chumhachta iniompartha is ea druilire gan sreang a úsáidtear chun poill a dhruileáil agus scriúna a thiomáint
- Ritheann druilirí gan sreang cumhachtaithe ar cheallraí in-athluchtaithe
- Tá druilirí gan sreang níos áisiúla agus níos ilúsáidí ná druilire leictreacha le sreang
- Ritheann siad ar chumhacht ceallraí ian litiam
- Toisc go ritheann siad ar chumhacht ceallraí, is féidir le húsáideoirí iad a oibriú i limistéir nach bhfuil rochtain acu ar fhoinsé cumhachta
- Tá gnéithe breise amhail solas LED agus táscaire cumhachta ceallraí i ndruilirí nua-aimseartha gan sreang.




## Dúntóir cuais

- Úsáidtear dúntóir cuais ar leibhéal an mhaide balla agus timpeall oscailtí fuinneoige agus dorais chun an bhearna idir duillí istigh agus amuigh cuasbhalla a líonadh.
- Cuidíonn an dúntóir cuais le cosc a chur ar dhroicheadú teirmeach idir an duille istigh agus an duille amuigh
- Cuidíonn siad freisin le treá taise, insíothlú aeir agus comhdhlúthú a chosc
- Cuidíonn dúntóirí cuais le feabhas a chur ar fheidhmíocht theirmeach an chlúdaigh foirgnimh agus cuireann siad le héifeachtúlacht fuinnimh
- Is gnách go mbíonn dúntóirí cuais déanta as ábhair cosúil le cúb inslithe nó cláir inslithe dhocht
- Bíonn siad idir 100-150 mm ar leithead de ghnáth chun freastal ar leithead an chuais.




### Deileadh pláta fásála

- Is modh adhmaóireachta é deileadh pláta fásála a úsáidtear go minic chun rudaí móra ciorclacha comhréidh a chruthú
- Is éard atá i gceist leis ná saotharphíosa a fheistiú ar phláta fásála agus é a cheangal de cheannstoc deile adhmaid
- Le deileadh pláta fásála, is féidir leat earraí amhail babhlaí adhmaid, plátaí agus earraí éadoimhne eile a chruthú
- De réir mar a chasann an saotharphíosa, baintear úsáid as an taca uirlisí chun tacú leis an siséal deile a bhaineann ábhar den adhmaid
- Agus deileadh pláta fásála á dhéanamh, ba chóir go dtosódh luas na deile go mall go dtí go mbeidh an píosa cothromaithe agus méadaítear an luas ansin
- Is próiseas oilte é deileadh pláta fásála agus is féidir leis earraí maisiúla áille a tháirgeadh.




### Sraithadhmaid

- Cineál painéil adhmaid ar a ndearnadh innealtóireacht is ea sraithadhmaid a dhéantar trí shraith tanaí veiníre adhmaid a ghreamú le chéile
- Is gnáth go socraítear na veinirí sin lena dtreo snáithe ingearach lena chéile, chun a neart a fheabhsú
- Úsáidtear sraithadhmaid go forleathan i dtógáil, i ndéanamh troscáin agus i ndéanamh caibinéad
- Soláthraíonn sraithadhmaid malairt láidir nach bhfuil ródhaor in áit adhmaid soladach
- Bíonn tiúis agus méideanna éagsúla ar an sraithadhmaid chun freastal ar iarratais éagsúla
- Is cineál sraithadhmaid é sraithadhmaid muirí atá deartha lena úsáid i dtimpeallachtaí ard-taise amhail tógáil bád agus tógáil lasmuigh.



### Teaschaidéal

- Feiste is ea teaschaidéal ar féidir leis teas a aistriú ó áit amháin go háit eile trí úsáid a bhaint as modhanna meicniúla
- Úsáidtear é chun spásanna laistigh a théamh nó a fhuarú de ghnáth agus is féidir leis a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh i gcomparáid le córais thraidisiúnta téimh agus fuaraithe.
- Oibríonn teaschaidéil trí theas a bhaint as foinse teasa amhail t-aer, an t-uisce nó an talamh agus é a aistriú isteach i dteach
- Úsáideann córas teaschaidéil téamh faoin urlár nó radaítheoirí chun teas a aistriú timpeall an tí
- Úsáideann teaschaidéal leictreachas mar a phríomhfhoinsé cumhachta, ach bíonn comhéifeacht cóimheasa feidhmíochta (COP) de 3-4 acu de ghnáth
- Tá deontais ar fáil d'úinéirí tí chun iad a spreagadh chun athrú ó chóras téimh breosla iontaise go teaschaidéal.




## Ceist 9

### (a) Pléigh dháchúis a bhfuil sinc oiriúnach mar ábhar cumhdaigh do thithe nua-aimseartha.



- Cuma nua-aimseartha
- Cuma dheas
- An-mharthanach agus tá saolré fhada aige
- Ní chaithfear ach an chothabháil is lú a dhéanamh air i gcomparáid le hábhair eile
- Is ábhar inbhuanaithe é a bhfuil a thionchar ar an gcomhshaol íseal
- Is féidir é a athchúrsáil
- Is ábhar neamh-indóite é agus tá sé frithsheasmhach i gcoinne creimthe

*Nó cúis bhailí ar bith eile.*



### (b) Dhá mhodhnú ar an seomra teaghlaigh a éascóidh solas nádúrtha breise agus rochtain ar an ngairdín cúil.

- Suiteáil soilse dín
- Suiteáil fuinneoga níos mó ar chúl
- Fuinneoga breise ar an taobh nó ar chúl
- Cuir doras mór gloinithe in ionad na bhfuinneog
- Suiteáil doras mór défhillte nó sleamhnáin



### (c) Dhá bhuntáiste a bhaineann le rochtain a thabhairt ar an ngairdín cúil.

- Méadaíonn sé spás inúsáidte an áititheora
- Ceangal leis an dúlra ar féidir leis giúmar agus folláine a fheabhsú
- Cruthaíonn sé spás maireachtála lasmuigh
- Spreagann sé daoine dul amach faoi aer
- Méadaíonn sé luach athdhíola na maoine

*Nó cúis bhailí ar bith eile*

**Ceist 1.**

| <b>Trasghearradh ceartingearach tríd an sceimheal agus tríd an mballa seachtrach.</b> |                  |                 |
|---------------------------------------------------------------------------------------|------------------|-----------------|
| <b>Mionsonraí - méideanna tipiciúla</b>                                               |                  | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                       |                  |                 |
| Bloc coincréite duille amuigh agus rindreáil sheachtrach air                          |                  | <b>5</b>        |
| Cuas líonta go hiomlán agus ballacheangal                                             |                  |                 |
| Bloc coincréite duille istigh agus plástar inmheánach air                             |                  | <b>5</b>        |
| Dúntóir cuais                                                                         |                  |                 |
| Maide balla 100 mm x 75 mm                                                            |                  | <b>5</b>        |
| Trus dín réamhdhéanta                                                                 |                  |                 |
| Inslíú agus scannán aerdhíonach                                                       |                  | <b>5</b>        |
| Plástarchlár le cóta scimeála                                                         |                  |                 |
| Éadan, tarr agus gáitéar                                                              |                  | <b>5</b>        |
| Aeráil                                                                                |                  |                 |
| Scannán sceite                                                                        |                  | <b>5</b>        |
| Sclátaí agus sliseoga                                                                 |                  |                 |
| <b>Aon 7 x 5 mharc</b>                                                                | <b>Fo-iomlán</b> | <b>35</b>       |
| Aon 3 thoise thipiciúla                                                               |                  | <b>3</b>        |
| <b>Línitheoireacht, cruinneas agus scála (sármhaith, maith, measartha maith)</b>      |                  | <b>8</b>        |
| <b>8 6 4</b>                                                                          |                  |                 |
|                                                                                       | <b>Fo-iomlán</b> | <b>11</b>       |
| <b>Cuid (b)</b>                                                                       |                  |                 |
| Taispeáin conas a dhaingnítear an maide balla ar an mballa seachtrach.                |                  |                 |
| Aithnítear strapa an mhaide balla go soiléir                                          |                  | <b>4</b>        |
|                                                                                       | <b>Fo-iomlán</b> | <b>4</b>        |
|                                                                                       |                  | <b>50 marc</b>  |

**Ceist 2.**

| <b>Uasghrádaithe fuinnimh</b>                                                                           |                 |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|
| <b>Sonraí</b>                                                                                           | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                                         |                 |
| Pléigh <b>dhá</b> bhuntáiste a bhaineann le Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh ( <i>BER</i> ) tí a fheabhsú. |                 |
| Buntáiste 1                                                                                             | 6               |
| Buntáiste 2                                                                                             | 6               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                        | <b>12</b>       |
| <b>Cuid (b)</b>                                                                                         |                 |
| Córas inslithe inmheánach a chur ar theach.                                                             |                 |
| Modh chun ballaí seachtracha a insliú      nóta & sceitse      (8 + 8 marc)                             | 16              |
| An cineál inslithe is fearr do bhalla seachtrach                                                        | 4               |
| Tiús an inslithe                                                                                        | 4               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                        | <b>24</b>       |
| <b>Cuid (c)</b>                                                                                         |                 |
| Pléigh <b>dhá</b> chúis a moltar na ballaí seachtracha agus na fuinneoga a uasghrádú ag an am céanna.   |                 |
| Cúis 1                                                                                                  | 7               |
| Cúis 2                                                                                                  | 7               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                        | <b>14</b>       |
| <b>Iomlán</b>                                                                                           | <b>50 marc</b>  |

**Ceist 3.**

| <b>Soláthar uisce the agus fhuair sa seomra folctha</b>                                                                                                                                            |                  |                 |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------|-----------------|
| <b>Mionsonraí - méideanna tipiciúla</b>                                                                                                                                                            |                  | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b><br>Píobobair atá riachtanach chun uisce te agus uisce fuar a sholáthar do chithfholcadán measctha agus do bháisín níocháin, agus chun uisce fuar a sholáthar do shistéal leithris. |                  |                 |
| Príomhphíobán ardaitheach                                                                                                                                                                          |                  |                 |
| Umar stórála inslithe                                                                                                                                                                              |                  |                 |
| Sceitheadh                                                                                                                                                                                         |                  | 5               |
| Sorcóir                                                                                                                                                                                            |                  | 5               |
| Fotha fuar chuig sorcóir                                                                                                                                                                           |                  | 5               |
| Píobán borrhtha                                                                                                                                                                                    |                  | 5               |
| Daingneáin seomra folctha                                                                                                                                                                          |                  | 5               |
| Fotha fuar chuig an sistéal leithris                                                                                                                                                               |                  | 5               |
| Fotha te agus fuar chuig an mbáisín níocháin                                                                                                                                                       |                  | 5               |
| Fotha te agus fuar chuig an gcithfholcadán measctha                                                                                                                                                |                  | 5               |
| Comhlaí                                                                                                                                                                                            |                  |                 |
| Lipéid                                                                                                                                                                                             |                  |                 |
| <b>Aon 8 x 5 mharc</b>                                                                                                                                                                             | <b>Fo-iomlán</b> | <b>40</b>       |
| <b>Cuid (b)</b><br><b>Dhá</b> ghné nach mór a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil limistéar an chithfholcadáin oiriúnach do dhuine a bhfuil luaineacht theoranta aige/aici.                 |                  |                 |
| Gné 1                                                                                                                                                                                              |                  | 5               |
| Gné 2                                                                                                                                                                                              |                  | 5               |
|                                                                                                                                                                                                    | <b>Fo-iomlán</b> | <b>10</b>       |
|                                                                                                                                                                                                    | <b>Iomlán</b>    | <b>50 marc</b>  |

**Ceist 4.**

| <b>Balla isteach agus fotha.</b>                                                                 |                |               |                 |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------|---------------|-----------------|
| <b>Sonraí</b>                                                                                    |                |               | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                                  |                |               |                 |
| <b>Dhá</b> bhuntáiste a bhaineann le bailchríoch de chloch nádúrtha a roghnú don bhalla isteach. |                |               |                 |
| Buntáiste 1                                                                                      |                |               | <b>6</b>        |
| Buntáiste 2                                                                                      |                |               | <b>6</b>        |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                 |                |               | <b>12</b>       |
